# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **socair**?
   (a) Callánach
   (b) Ciúin
   (c) Snasta

2. Tá an frása **thar barr** i bparagraf 2. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **álainn**?
   (a) Gránna
   (b) Galánta
   (c) Geabach

4. Is gléas ceoil an fheadóg stáin. Ainmnigh 5 ghléas ceoil eile.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. Cén sórt duine é Conchúr, do bharúil?

5. An bhfuil an scéal seo cosúil le scéal ar bith eile a léigh tú?



Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

8 An Dragan i Loch na Séad

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# An Dragan i Loch na Séad

Fadó fadó in Éirinn bhí rí an-tábhachtach ann darbh ainm Conchúr Mac Neasa a raibh seoda luachmhara aige. Ardrí Uladh a bhí ann agus bhí cónaí air in Eamhain Mhacha, cóngarach do chathair Ard Mhacha sa lá atá inniu ann. Lá amháin, chuala Conchúr go raibh plean ag daoine a chuid seod a ghoid. Bhí sé iontach buartha faoi seo.

Tamall ina dhiaidh sin, agus é ag siúl thart ar a phálás, chuala sé ceoltóir iontach taobh amuigh. Thosaigh Conchúr ag caint **leis** agus d'inis sé an scéal dó faoi na daoine a bhí ag iarraidh a chuid seod a ghoid. D'inis an ceoltóir dó go raibh tír ann a bhí iontach fada ar shiúl agus a raibh dragan fíochmhar ina chónaí inti. Thiocfadh leis an dragan seo súil a choinneáil ar a chuid seod b'fhéidir. Shíl Conchúr gur smaoineamh **thar barr** a bhí ann.

Chuir Conchúr saighdiúirí chuig an tír sin agus thóg siad an dragan ar ais leo go hEamhain Mhacha. Nuair a tháinig siad ar ais, áfach, léim an dragan isteach i loch beag a bhí in aice leis an phálás. D'fhan an dragan faoin uisce an t-am ar fad. Bhí Conchúr iontach míshásta ach sheinn an ceoltóir tiúin ar a fheadóg stáin agus tháinig an dragan aníos as an loch agus shuigh sé go **socair** ar an talamh. Thuig Conchúr ansin go raibh an ceoltóir ábalta an dragan a choinneáil faoi dhraíocht leis an cheol ghalánta a sheinn sé. Ní thiocfadh sé amach as an uisce ach amháin nuair a chluinfeadh sé an ceol **álainn** ón cheoltóir.

Chuir Conchúr a sheoda ar mhuineál an dragain agus d'imigh an dragan leis go bun an locha. Chuaigh na blianta thart agus bhí saol sona sásta ar fad ag an cheoltóir sa phálás. Ach ar an drochuair, bhí timpiste ag an cheoltóir agus fuair sé bás. Ní raibh duine ar bith eile sa tír ábalta ceol chomh maith céanna a sheinm, agus dá bharr sin, ní fhaca duine ar bith riamh an dragan ná na seoda ó shin. Tugann daoine Loch na Séad ar an loch agus deir siad go bhfuil an dragan agus na seoda go fóill ag bun an locha.



# Ceisteanna

**1. Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Bhí Conchúr Mac Neasa ina ghadaí
(b) Bhí Conchúr Mac Neasa ina chónaí in Eamhain Mhacha
(c) Bhí Conchúr Mac Neasa ina chodladh an t-am ar fad

**2. Cén fáth ar tháinig imní ar Chonchúr?**
(a) Bhí eagla air roimh an dragan
(b) Bhí sé ag éirí aosta
(c) Bhí daoine ag iarraidh a chuid seod a ghoid

**3. Cad é a shíl Conchúr den phlean a bhí ag an cheoltóir?**
(a) Go raibh sé ar fheabhas
(b) Go raibh sé amaideach
(c) Go raibh sé contúirteach

**4. Cad é mar a mhothaigh Conchúr nuair a léim an dragan isteach sa loch?**
(a) Ba chuma leis
(b) Bhí sé iontach sásta
(c) Tháinig fearg air

**5. Cad é mar a choinnigh an ceoltóir an dragan faoi smacht?**
(a) Le brioscaí
(b) Le draíocht an cheoil
(c) Le lámh láidir

**6. Cén fáth nár tháinig an dragan aníos as an loch arís, do bharúil?**
(a) Bhí sé ag iarraidh na seoda a choinneáil dó féin
(b) Fuair sé bás sa loch
(c) Ní thiocfadh le duine ar bith eile an ceol draíochta a sheinm

**7. Tá an focal leis in úsáid i bparagraf 2 mar:**
(a) briathar.
(b) réamhfhocal.
(c) dobhriathar.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Neamhfhicsean
(b) Dialann
(c) Finscéal